



Foras na Gaeilge

Iarraidh ar Thairiscintí

Seirbhís i dtaca le comhordú agus forbairt ar shuíomhanna gréasáin

Tá tairiscintí á lorg ag Foras na Gaeilge i gcomhair chonraitheoir maidir le comhordú agus forbairt a dhéanamh ar na suíomhanna gréasáin www.gaeilge.ie & www.forasnagaeilge.ie agus ar láithreacht Foras na Gaeilge ar na meáin shóisialta don tréimhse Deireadh Fómhair 2018 go Deireadh Fómhair 2019.

A. CÚLRA

Sheol Foras na Gaeilge www.gaeilge.ie mar shuíomh tairsí don Ghaeilge le freastal ar an mórphobal in 2004. Chuir an suíomh iliomad seirbhísí eolais nua faoin nGaeilge ar fáil don phobal trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. Bhíodh an suíomh ag síorathrú, agus bhíodh míreanna nuachta, imeachtaí agus gach eolas faoin nGaeilge le feiceáil air go tráthrialta. Anuas air sin, cuireadh gné-mhíreanna nua ar obair Foras na Gaeilge agus earnáil na Gaeilge ar an suíomh.

Rinneadh athstruchtúrú ar www.gaeilge.ie nuair a tháinig PEIG.ie ar an bhfód mar lárphointe eolais faoin nGaeilge don phobal. In 2016, seoladh 3 shuíomh nua don Ghaeilge a bhfuil feidhmeanna éagsúla acu:

1. PEIG.ie a fheidhmíonn mar **lárphointe eolais** don Ghaeilge (faoi stiúir Chonradh na Gaeilge). Tá gach eolas faoi nuacht, imeachtaí agus folúntais ar fáil ar PEIG.ie. Mar sin, tá sé tábhachtach a mheabhú nach bhfuil an fheidhm nó sprioc chéanna acu le suíomhanna Foras na Gaeilge agus nach dtiteann PEIG.ie faoi réimse na seirbhíse seo.
2. www.forasnagaeilge.ie a fheidhmíonn mar **shuíomh corparáideach** Foras na Gaeilge. Tá gach eolas faoi scéimeanna, seirbhísí, réimsí oibre, nuacht Foras na Gaeilge ar fáil ar an suíomh.
3. www.gaeilge.ie a fheidhmíonn mar **leathanach lamairne** a threoraíonn cuairteoirí chuig réimse leathan seirbhísí, eagraíochtaí agus tionscadal a dtacaíonn Foras na Gaeilge leo.

Tá sé mar aidhm ag Foras na Gaeilge go mbeadh www.forasnagaeilge.ie agus www.gaeilge.ie ar thús cadhnaíochta agus ag mealladh cuairteoirí le feidhmeanna nuálacha agus le hábhar tráthúil, tarraingteach. Ar an mbonn sin, is mian le Foras na Gaeilge conraitheoir a cheapadh a bheidh lonnaithe i gCeannáras Foras na Gaeilge le comhordú agus forbairt a dhéanamh ar www.forasnagaeilge.ie agus www.gaeilge.ie. Beidh dlúthnasc ag an gconraitheoir le láithreacht Foras na Gaeilge ar na meáin shóisialta chomh maith le ról lárnach ar mheitheal inmheánach san eagraíocht a bhíonn ag plé leis na meáin shóisialta ó thaobh ábhair agus straitéisí nua a fhorbairt.

B. SONRAÍOCHT NA SEIRBHÍSE

Seirbhís: Seirbhís comhordaithe agus forbartha ar www.gaeilge.ie agus www.forasnagaeilge.ie

Próifíl: Beidh an conraitheoir freagrach as comhordú, coimeád agus forbairt ar www.gaeilge.ie agus www.forasnagaeilge.ie agus ar láithreachtaí Fhoras na Gaeilge ar na meáin shóisialta. Is ar bhonn chonradh ar sheirbhísí bliana a dhéanfar an tairiscint leis an bhféidearthacht síneadh a dhéanamh ar an tréimhse nó athnuachan a dhéanamh ar an gconradh. Beidh ráta íocaíochta ag brath ar cháilíochtaí agus ar thaithí.

Uaireanta: Lán-aimseartha

Freagrach do: Clár bhainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht & Feasacht.

Láthair oibre: Ceannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Príomhchúramí na seirbhíse

- Bainistiú ar shuíomhanna gréasáin Fhoras na Gaeilge ó lá go lá (www.forasnagaeilge.ie & www.gaeilge.ie) agus straitéis ghréasáin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Anailís, tuairisciú agus feidhmiú ar fhorbairtí féideartha gréasánbhunaithe
- Comhlíonadh polasaithe rialacháin gréasáin, Chosaint Sonraí, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus treoirlínte branda a dheimhniú.
- Comhordú agus forbairt a dhéanamh ar ábhar do na meáin shóisialta de réir riachtanas Fhoras na Gaeilge (Facebook, Instagram, Twitter, YouTube & LinkedIn).
- Eagarthóireacht ar ábhar (grianghraif, físeáin, srl) chun é a chur in oiriúint d'ardáin ar líne.
- Caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara ábhartha, thuaidh agus theas, maidir le hábhar rialta a sholáthar do na suíomhanna.
- Comhoibriú go dlúth le comhlacht cothabhála na suíomhanna ó thaobh leasuithe agus forbairtí.
- Teagmháil leanúnach a choimeád go himheánach agus le teagmhálaithe seachtracha maidir le hábhar do na suíomhanna gréasáin, lena n-áirítear blag corparáideach.
- Bainistiú ar nascleanúint, Optamú Inneall Cuardaigh agus Google Adwords.
- Feidhmiú mar phointe teagmhála don fhoireann maidir leis na suíomhanna gréasáin agus córas inmheánach a bhunú le hábhar do na suíomhanna a mholadh.
- Dea-chleachtas ar úsáid chóras bainistíochta inneachais (CMS) a bhunú laistigh d'Fhoras na Gaeilge agus oiliúint a chur ar fáil don fhoireann.
- Fóraim chuí a bhunú le cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus a bheith rannpháirteach iontu.
- Margaíocht a dhéanamh ar sheirbhísí Fhoras na Gaeilge agus pháirtithe leasmhara ar na suíomhanna gréasáin agus ar na meáin shóisialta.
- Freastal ar chruinnithe agus tuairisciú don Chlár bhainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht & Feasacht.
- Tacaíocht a chur ar fáil i réimse na meán nua de réir riachtanas Fhoras na Gaeilge.

C. TAITHÍ, INNIÚLACHTAÍ & TRÉITHE

Riachtanach:

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa chomh maith le tiomantas don teanga.
- Scileanna maithe cumarsáide idir labhartha agus scríofa chomh maith le scileanna maithe idirphearsana.
- Cáilíocht tríú leibhéal i réimse ábhartha.
- Taithí ag forbairt tograí gréasánbhunaithe.
- Taithí ag cur ábhar tarraingteach faoi bhráid spriocghrúpaí éagsúla.
- Saineolas ar Wordpress, ar uirlisí anailísíochta gréasáin agus ar na meáin shóisialta.
- Taithí ar réimse leathan bogearraí le hábhar a chur in oiriúint d'ardáin éagsúla (Photoshop, InDesign nó Illustrator)
- Taithí ar obair foirne/meithle.
- Tuiscint mhaith ar earnáil na Gaeilge.

Taithí Inmhianaithe:

- Taithí ar chuspóirí agus spriocanna a bhaint amach agus ar mhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Taithí ar a bheith freagrach as buiséad agus as tuairisciú airgeadais.
- Taithí ar chumarsáid éifeachtach a bhunú agus a fhorbairt le daoine agus le grúpaí.

Saintréithe Pearsanta:

- Ardscileanna idirphearsanta agus an cumas ar bheith ábalta caidrimh oibre thairgiúla a choinneáil agus a fheabhsú.
- Ábalta bheith ag obair as a stuaim féin agus freagracht a ghlacadh air/uirthi féin agus cinntí a dhéanamh.
- Dírithe ar thorthaí a bhaint amach.
- Ardscileanna eagrúcháin.
- Cruinn agus pointeáilte.
- Cruthaitheach.

D. CRITÉIR BHRONNTA

Ní ghlacfar ach le hiarratais ar an bhfoirm iarratais thíos chomh maith le CV le tacú leis an iarratas.

Is gá na critéir thíos a chomhlíonadh le dul ar aghaidh chuig céim an agallaimh:

	Critéir Measúnaithe	Céatadán Ualaithe (%)
1.	Cuntas teiste a léiríonn taithí, cáilíochtaí, inniúlachtaí agus tréithe leis an tseirbhís a sholáthar	30
2.	Fís agus straitéis leis na suíomhanna gréasáin a bhainistiú agus a fhorbairt	20
3.	Fianaise ar thuiscint ar fheidhmeanna Fhoras na Gaeilge agus riachtanais Fhoras na Gaeilge i dtaca leis na suíomhanna gréasáin agus na meáin shóisialta	20
4.	Cumas seirbhís a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge	20
5.	Costas in aghaidh na míosa/bliaana cé nach ndéanfar cinneadh bunaithe air seo amháin (sonraigh CBL más cuí)	10

E. ÚDARÁS CONARTHA

Is é Foras na Gaeilge an t-údarás conartha.

Féachfaidh Foras na Gaeilge leis an oiread eolais a thabhairt don soláthróir seirbhíse roimh ré maidir le riachtanais atá ag teacht chun cinn agus fágfaidh siad tréimhse réasúnta le cúraimí a chur i gcrích.

Ach féadfaidh sé tarlú in amanna go n-éileoidh Foras na Gaeilge freagairt thapa le haghaidh riachtanais phráinneacha nó riachtanais nach raibh súil leo ar ghearrfhógra. Is cóir don soláthróir seirbhíse a roghnófar a dhearbhu go follasach go bhfuil siad in ann cloí leis an riachtanas seo.

Comhaontófar socruithe mionsonraithe maidir le sonraisc leis an tairgeoir rathúil. Ní mór don tairgeoir roghnaithe Teastas Imréitigh Cánach a chur ar fáil sula gcuirfear an Conradh i bhfeidhm. Sa chás go n-imíonn Deimhniú Imréitigh Cánach i léig laistigh de thréimhse an chonartha, tá d'oibleagáid ar Fhoras na Gaeilge deimhniú nuashonraithe a lorg. Beidh gach íocaíocht faoin gconradh coinníollach ar dheimhniú bailí a bheith ag an gconraitheoir nó na conraitheoirí i gcónaí.

Beidh an soláthróir seirbhíse a roghnófar faoi réir athbhreithnithe sásúla ar fheidhmíocht ar bhonn rialta.

Déanfar monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht an tsoláthóra. Is iad iomaíocht maidir le costais, caighdeán na seirbhíse agus a slánúcháin na príomhchritéir le feidhmíocht a thomhas.

Beidh ar an soláthróir seirbhíse ról réamhghníomhach a ghlacadh i monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar sheirbhís, d'fhonn moltaí cuí a dhéanamh nuair is gá.

Sa chás go measann Foras na Gaeilge go bhfuil teip thromchúiseach ann seirbhísí a sholáthar, féadfaidh Foras na Gaeilge seirbhísí a lorg ó sholáthóirí eile agus/nó an Conradh a fhoirceannadh.

F. MEASÚNÚ TAIRISCINTÍ

Is próiseas soláthair iomaíoch é seo atá á riar de réir na Treorach maidir le Soláthar Poiblí 2004/18/EC le haghaidh conarthaí poiblí a bhronnadh.

Ar dtús, beidh ar thairgeoirí tairiscintí a chur isteach a chloíonn leis na Treoracha do Thairgeoirí. Féadfaidh an t-údarás conartha aon tairiscint a chur as an áireamh a mheasann sé nach gcomhlíonann sí riachtanais na dtreoracha do thairgeoirí.

Sa dara dul síos, caithfidh tairgeoirí an t-eolas a iarrtar maidir le seasamh airgeadais agus cumas teicniúil.

Ansin déanfar measúnú ar thairgeoirí a chomhlíonann na riachtanais a mheasúnú de réir na gcritéar bronnta. Measfar gurb é an tairiscint a bhaineann amach na marcanna is airde tar éis na critéir bronnta a chur i bhfeidhm an ar an tairiscint is mó tairbhe eacnamaíoch.

Ní chuireann Foras na Gaeilge ceanglas orthu féin glacadh leis an tairiscint is ísle agus ní íocfaidh siad aon chúiteamh ina leith sin. Forchoimeádann siad an ceart cuid nó iomlán aon tairiscinte nó gach tairiscinte a fhaightear a ghlacadh nó a dhiúltú.

Tá sé de cheart ag Foras na Gaeilge an comórtas seo a chur ar ceal más mian leis, agus níl sé de dhualgas ar Fhoras na Gaeilge Conradh a bhronnadh ar thairgeoir ar bith ag éirí as an bpróiseas seo.

G. EOLAS BREISE

Ní mór dhá chóip chrua de na cáipéisí iarratais (Litir chumhdaigh, foirm iarratais agus cv) a sheoladh chuig Anna Davitt, Clárghainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht & Feasacht, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1 **roimh 1.00 p.m. ar an 5 Meán Fómhair 2018.**

Ba chóir sonraí do **bheirt mholtóirí** a chur leis an cv. **Ní dhéanfar teagmháil le moltóirí maidir le teistiméireachtaí ach sa chás go mbeidh an Conradh á thairiscint do thairgeoir.**

Ní bhreithneofar iarratais a gheofar tar éis an ama seo.

Is féidir go n-iarrfar ar iarratasóirí teacht chun agallaimh mar chuid den phróiseas tairisceana **an tseachtain den 10 Meán Fómhair** i gCeannáras Fhoras na Gaeilge. Beidh ar an tairgeoir rathúil Deimhniú Imreítigh Cánach reatha bailí a chur ar fáil.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hAnna Davitt, Clárghainisteoir - Cumarsáid, Margaíocht agus Feasacht le ceisteanna:

Teil: + 353 1 6398400

Rphost: adavitt@forasnagaeilge.ie